# Fóram Comhairleach

## Dearbhú Gealltanais Chomhaltaí Fhóram Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia

### RÉAMHRÁ

Tá Fóram Comhairleach (FC) an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) ina chuid lárnach de EFSA, arb é an príomhnasc idir EFSA agus na hinstitiúidí sábháilteachta bia sna Ballstáit a bhfuil sainchúram comhchosúil acu, agus mar cheann de na ceithre chomh-chomhlacht dá bhforáiltear sa Rialachán bunaidh (CE) Uimh 178 de 2002.

Tugtar le chéile san Fhóram, i suíomh comhchéime, ionadaithe na mBallstát, na dtíortha is iarrthóirí, an Choimisiúin agus Fheidhmeannas EFSA.

Óna chruinniú tionscnaimh i Márta 2003, d'oibrigh FC chun naisc níos dlúithe a chruthú idir institiúidí sábháilteachta bia na mBallstát agus EFSA d'fhonn comhroinnt na faisnéise eolaíochta a uasmhéadú ar mhaithe le saoránaigh na hEorpa a chosaint. Baineadh é seo amach trí mheasúnú riosca feabhsaithe, comhoibriú níos fearr, dúbailt a sheachaint, cumarsáid oscailte ar an réiteach de thuairimí éagsúla eolaíochta agus rannchuidiú leis sin, aithint luath de rioscaí ionchasacha nó rioscaí atá teacht chun cinn, agus comhsheasmhacht níos mó i gcumarsáid riosca.

Oibríonn comhaltaí an FC le chéile chun eolas a sholáthar do chlár oibre EFSA sna réimsí maidir le measúnú riosca, malartú faisnéise eolaíochta, forbairt na líonraí eolaíochta agus cumarsáid.

Chun a éifeachtúlacht agus scaipeadh aidhmeanna agus aschuir EFSA a neartú, cheap FC lárionaid náisiúnta agus bhunaigh sé grúpa oibre ar chumarsáid riosca.

Aithníonn FC an fiúntas agus an tábhacht a bhaineann le comhoibriú agus le hiarracht chomhchoiteann agus, ag an am céanna, aithníonn sé go bhfuil freagrachtaí dlíthiúla le comhlíonadh aige mar atá leagtha amach sa rialachán bunaidh.

In 2006, shínigh comhaltaí an Fhóraim Chomhairligh Dearbhú Intinne maidir le feabhas a chur ar an malartú d'fhaisnéis eolaíochta i measc a chomhaltaí agus EFSA.

In 2012, dhearbhaigh comhaltaí an Fhóraim Chomhairligh freisin a muinín i neamhspleáchas agus i bpróisis chinnteoireachta eolaíochta de chuid EFSA, mar aon lena dtiomantas chun ceapadh beartais eolaíocht-bhunaithe a neartú.

Is mian leis an bhFóram Comhairleach na dearbhuithe seo a athdhearbhú agus a uasdátú.

I bhfianaise an mhéid sin roimhe agus na ndúshlán síorathraithe i ndáil le sábháilteacht bia, ag cur san áireamh an riachtanas atá ann le feabhas leanúnach a chur ar a feidhmiú agus i spiorad an chomhchinnidh leanúnach tomhaltóirí na hEorpa a chosaint agus ag an am céanna cur le tuarascálacha domhanda ar bhia agus ar shábháilteacht bhia, déanann comhaltaí FC an Dearbhú Gealltanais seo a leanas.

## DEARBHÚ

Aontaíonn Comhaltaí an FC na gníomhartha seo a leanas a chur i gcrích:

I. feidhmiú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail
II. caidreamh a neartú idir EFSA agus na hinstitiúidí sábhailteachta bia sna Ballstáit
III. faisnéis a chomhroinnt ar mheasúnuithe riosca atá á mbeartú nó atá á dtabhairt chun críche
IV. eolas a chur ar a chéile go pras maidir le fógraí cumarsáide don phobal ar chúrsaí ardleasa, agus réamhfhógra a thabhairt nuair is féidir
V. sonraí a chomhroinnt, lena n-áirítear an leibhéal neamhchinnteachta, rud a bheadh úsáideach le haghaidh measúnuithe riosca
VI. faisnéis a chomhthiomsú ar rioscaí féideartha nó riosca atá ag teacht chun cinn ar shábháilteacht bia
VII. cláir oibre agus measúnuithe riosca EFSA a scaipeadh
VIII. luathrabhadh a thabhairt faoi dhibhéirseacht fhéideartha de thuairim eolaíochta
IX. oibriú chun dibhéirseacht fhíor nó fhéideartha idir Ballstáit nó idir Ballstáit agus EFSA a athbhreithniú agus a réiteach
X. sármhaitheas eolaíochta agus líonrú eolaíochta a chur chun cinn
XI. rannpháirtíocht ghníomhach na n-institiúidí náisiúnta a chur chun cinn chun tacú le misean EFSA, mar a shamhlaítear le hAirteagal 36 den rialachán bunaidh
XII. cur chuige comhleanúnach a áirithiú idir na Ballstáit agus EFSA maidir le cumarsáid na heolaíochta agus measúnú riosca
XIII. cur le clár oibre measúnaithe riosca an AE
XIV. deiseanna deontais agus soláthair a shainaithint chun measúnú riosca ar fud na hEorpa a fheabhsú
XV. tionscnaimh fhoghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn a d'fhéadfadh an cumas le haghaidh measúnaithe riosca agus cumarsáide riosca sna Ballstáit a neartú
XVI. tacú le comhoibriú comhpháirteach d'fhonn sábháilteacht bia agus cumarsáid riosca a fheabhsú

XVII. réimsí le haghaidh taighde ar shábháilteacht bia agus deiseanna bainteacha le haghaidh comhoibrithe a shainaithint

XVIII. comhairle a chur ar fáil don Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar chláir oibre agus riachtanais taighde EFSA

XIX. tacú leis an misean agus le cumasc spriocanna straitéiseacha EFSA agus na mBallstát d'fhonn na dúshláin i réimse bia agus sábháilteachta bia a chomhlíonadh ina foirmeacha go léir

arna síniú ag

comhaltáí an Fhóraim Chomhairligh

Stiúrthóir Feidhmiúcháin EFSA

I láithreacht

an Choimisiúin Eorpaigh

Na Tíortha is Iarrthóirí AE